**Cuntas Leithreasa 2016**

# Vóta 11

# Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, tá sé de dhualgas orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €2.5 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, leis an eisceacht seo a leanas.

***Stoic agus sócmhainní caipitiúla***

Comhroinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11), Seirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (Vóta 39) stoic intomhalta TF. Déantar iad a leithdháileadh ar bhonn líonta na mball foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtacht agus le háisiúlacht, déantar an caiteachas ar stoic stáiseanóireachta a thaifeadadh faoi Vóta 7 agus déantar an caiteachas ar stoic inchaite TF a thaifeadadh faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go meastar na stoic a bheith arna gcomhroinnt, áirítear iad sna nótaí um chostas oibríochta a ghabhann le cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 leithdháilte iad ar bhonn an líon foirne sna Ranna faoi seach.

Toisc go roinntear formhór na sócmhainní caipitiúla, leithdháiltear úsáid de shócmhainní caipitiúla ar bhonn an líon foirne freisin. Suas le 31 Nollaig 2010, taifeadadh na sócmhainní caipitiúla uile ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní thaifeadann an clár sócmhainní láthair an aonaid ghnó ag baint úsáide as an sócmhainn. Mar thoradh, ní raibh sé indéanta na sócmhainní a scoilteadh idir na haonaid sin a fhanann sa Roinn Airgeadais agus iad siúd á n-aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nuair a bunaíodh í sa bhliain 2011. Go ginearálta, déantar sócmhainní trealaimh TF a thaifeadadh anois ar an gclár sócmhainní de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus déantar troscán agus feistis agus sócmhainní trealamh oifige a thaifeadadh anois ar an gclár sócmhainní de chuid na Roinne Airgeadais. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar an dá Roinn ar bhonn an líon foirne iontu araon. D’ainneoin an méid thuasluaite, cheannaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag amanna áirithe ó bunaíodh í, cheannaigh sí sócmhainní áirithe a bhí le haghaidh a húsáide eisiaí agus ní chionroinntear an dímheas i dtaca leo sin.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le socruithe rialaithe do sheirbhísí AD agus do sheirbhísí roinnte párolla a soláthraíodh don Roinn ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte, a bhfuil mé mar Oifigeach Cuntasaíochta acu sin chomh maith.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- tá Ráiteas an Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte go Vóta 11.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha a chinntiú. Chloígh an Roinn leis na treoirlínte arna leagan amach i mo thuarascáil bhliantúil maidir le Ciorclán 40/2002.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchta inmheánaigh bhliantúil, a faomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Athbhreithnítear an fheidhm iniúchta inmheánaigh ó am go ham agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaí.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

21 Márta 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

8 Mean Fomhair 2017

# Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Polasaí earnálach agus caiteachais phoiblí | 17,766 | 14,908 | 16,688 |
| B | Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí | 28,147 | 28,280 | 24,089 |
| | **Ollchaiteachas** | **45,913** | **43,188** | **40,777** |
| | *Asbhain* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **2,165** | **1,965** | **4,309** |
| | **Glanchaiteachas** | **43,748** | **41,223** | **36,468** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 2,524,639 | 4,142,320 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 21,000 | 20,272 | 18,679 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 263 | 165 | 204 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 902 | 1,018 | 770 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 375 | 245 | 289 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 785 | 843 | 800 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 445 | 250 | 550 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 60 | 15 | 23 |
| | | 23,830 | 22,808 | 21,315 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 20,380 | 19,462 |
| Pá | | 20,272 | 18,679 |
| Neamhphá | | 2,536 | 2,636 |
| **Ollchaiteachas** | | **43,188** | **40,777** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,965** | **4,309** |
| **Glanchaiteachas** | | **41,223** | **36,468** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (1,187) | | |
| Dímheas | 684 | | |
| | | (503) | (196) |
| **Athruithe i sócmhainní á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid tirim | | (170) | — |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (435) | | |
| Laghdú ar stoc deiridh | 1 | | |
| | | (434) | (245) |
| **Caiteachas díreach** | | **40,116** | **36,027** |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,808 | 2,560 |
| Measchíosanna | | 2,252 | 2,658 |
| **Costas glan clár** | | **45,176** | **41,245** |

#### 1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 11 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 Airgeadas | m | 243 | 262 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 229 | 206 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 1,129 | 817 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 1,168 | 1,247 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta Seirbhísí Roinnte | m | 39 | 28 |
| | | **2,808** | **2,560** |

Tugann ‘m’ le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **2,984** | **1,783** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 1,765 | 1,185 |
| Stoic | 2.5 | 13 | 14 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,285 | 847 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 166 | 238 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **3,229** | **2,284** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 213 | 211 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 1,261 | 1,177 |
| Glan-fhiachas don Státchiste | 2.8 | 670 | 246 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,144** | **1,634** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **1,085** | **650** |
| **Glansócmhainní** | | **4,069** | **2,433** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.1 | **4,069** | **2,433** |

| **2.1 Cuntas um Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 2,433 | 1,828 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 43,748 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (2,525) | | |
| Vóta glan | | | 41,223 | 36,468 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | | | 2,808 | 2,560 |
| Míreanna neamhairgid – socmhainní caipitiúla[a] | | | 911 | 352 |
| Míreanna neamhairgid – dímheas[a] | | | (382) | (188) |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | | | 2,252 | 2,658 |
| Glanchostas clár | | | (45,176) | (41,245) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **4,069** | **2,433** |

[a] Ag eascairt ón mbeartas leithdháilte le haghaidh sócmhainní a chomhroinn an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ní hionann na figiúirí fála agus dímheasa sa chlár comhordaithe agus iad siúd a léirítear sa ráiteas ar chostas oibriúcháin.

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 27,614 | 205 | 3 | 27,822 |
| Breiseanna | 2,264 | 3 | — | 2,267 |
| Diúscairtí | (2,069) | — | — | (2,069) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 27,809 | 208 | 3 | 28,020 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | 26,016 | 21 | 2 | 26,039 |
| Dímheas don bhliain | 1,044 | 21 | 1 | 1,066 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (2,069) | — | — | (2,069) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2016 | 24,991 | 42 | 3 | 25,036 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **2,818** | **166** | **—** | **2,984** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **1,598** | **184** | **1** | **1,783** |

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt**

| | Feidhmeanna ríomhaire inmheánacha | |
|---|---|---|
| | **2016** | **2015** |
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir | — | — |
| Íocaíochtaí airgid don bhliain | 170 | — |
| Aistrithe chuig clár na sócmhainní | (170) | — |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ar 31 Nollaig | — | — |

**2.4 Banc agus Airgead Tirim**

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 1,764 | 1,160 |
| Iarmhéid cuntas bainc tráchtála | 1 | 25 |
| | 1,765 | 1,185 |

**2.5 Stoic**

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 6 | 9 |
| Ábhair inchaite TF | 7 | 5 |
| | 13 | 14 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 4 | 3 |
| Óinchistí taistil | 139 | 153 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | — | 22 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 23 | 60 |
| | 166 | 238 |

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 459 | 407 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 213 | 175 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 230 | 103 |
| Cáin Bhreisluacha | 24 | 64 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 81 | 68 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 3 | 2 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 111 | 123 |
| | 1,121 | 942 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 132 | 130 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 8 | 105 |
| | 1,261 | 1,177 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 2,525 | 4,142 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (1,855) | (3,896) |
| Glandliteanas don Státchiste | 670 | 246 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,765 | 1,185 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 166 | 238 |
| | 1,931 | 1,423 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,121) | (942) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (140) | (235) |
| | (1,261) | (1,177) |
| | | |
| | 670 | 246 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Gealltainis Fhoriomlána** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 325 | 478 |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | 325 | 478 |

| **2.10 Dliteanais Aibithe** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | 3 | 24 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Polasaí earnálach agus caiteachais phoiblí** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 8,184 | 7,267 | 7,168 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 991 | 942 | 989 |
| A.3 | Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta | 2,575 | 2,575 | 2,847 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 1,808 | 1,032 | 952 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 650 | 621 | 843 |
| A.6 | Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann | 1,000 | 666 | 1,873 |
| A.7 | Comhlacht Cláir AE Speisialta | 1,350 | 1,200 | 1,249 |
| A.8 | INTERREG trasnáisiúnta agus INTERREG na hÉireann/na Breataine Bige | 750 | 303 | 767 |
| A.9 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 136 | 57 | — |
| A.10 | Maoiniú do phinsin do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne | 322 | 245 | — |
| | | 17,766 | 14,908 | 16,688 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €2.9 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| | €000 | |
| Riarachán - pá | 917 | Bhain tearc-chaitheamh leis an bPá don Bhuiséad Riaracháin toisc gur ghlac earcaíocht níos faide ná an luas réamh-mheasta, líon na bhfolúntas Príomhoifigeach nár líonadh I 2016 ach go háitithe. Bhain an tearc-chaitheamh fresin leis an líon do phinsinéirí/fhágáláithe. |
| Cúnamh teicniúil do Chistí Struchtúrtha agus costais eile | 776 | Athbhreithniú ar na sonraíochtaí do chórsa TF, agus na moileanna a bhain lena chur I bhfeidhm is cúis leis an neamhionannas. Éacófar faisnéis a mhalartú go leictreonach idir thairbhithe do mhaoiniú ón AE agus údaráis éagsúla a bhfuil baint acu le le cur chun feidhme na gclár. |
| Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann | 334 | Is iad an mhoill le tús an chláir 2014-2020 agus an ráta malairte fabhrach ó Euro go Punt na Ríochta Aontaithe na cúiseanna leis an tearc-chaitheamh. |
| Comhlacht Cláir AE Speisialta | 150 | Bhí tearc-chaitheamh I gciest leis fresin toisc an mhoill le tús an chláir 2014-2020 agus an ráta malairte fabhrach ó Euro go Punt na Ríochta Aontaithe. |
| INTERREG trasnáisiúnta agus INTERREG na hÉireann/na Breataine Bige | 447 | Neamhionannas mar gheall ar dheireadh na gclár 2007-2013 a bheith níos luaithe ná mar a raibh súil leis agus mar gheall ar ranníoc laghdaithe don chlár 2014-2020.. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 12,816 | 13,005 | 11,511 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 1,839 | 1,594 | 1,647 |
| B.3 | An Foras Riaracháin | 2,725 | 2,725 | 2,881 |
| B.4 | Gnáthamh eadrána agus achomhairc na státseirbhíse | 40 | 42 | 39 |
| B.5 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 290 | 258 | 248 |
| B.6 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 6,000 | 7,003 | 4,415 |
| B.7 | Clár oibre athchóirithe | 2,008 | 1,988 | 1,794 |
| B.8 | Seirbhís Chomhroinnte Oifigigh Chúnaimh d'Fhostaithe | 1,320 | 1,232 | 1,277 |
| B.9 | Clár um athchóiriú an dlí reachtúil | 9 | 9 | 277 |
| B.10 | Clár foghlama agus forbairt don statseirbhíse | 800 | 124 | — |
| B.11 | Tacaíocht do chur chun feidhme na Nochtuithe Cosanta. | 300 | 300 | — |
| | | 28,147 | 28,280 | 24,089 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár B €0.1 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhain sé seo den chuid is mó leis an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh**<br><br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | (1,003) | Bhí caiteachas níos airde ná réamh-mheasta toisc go raibh ardú i luas cur i bhfeidhm stratéis TEC an Rialtais – bhain an luas leis an infreastruchtúr 'build to share' agus tionscadail feidhmchláir. |

Rinneadh fritháireamh ar an róchaitheamh mar gheall ar na coigiltí seo a leanas.

| | | |
|---|---|---|
| Clár oiliúna agus forbartha na státseirbhíse | 676 | Tháinig coigiltis chun cinn toisc go raibh moill ar an gceapucháin do speisialtóir teicneolaíochta don tionscadal agus bhain moill sa bhreis le hathbhreithniú a dhéanamh ar an teicneolaíocht atá in úsáid sa Státseirbhís cheana féin. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Cláir an AE | 250 | 109 | 2,165 |
| 2. | Farasbairr um shreabhadh airgid | 75 | 58 | 80 |
| 3. | Ilghnéitheach | 40 | 73 | 63 |
| 4. | Fáltais ó asbhaint pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,800 | 1,725 | 2,001 |
| | **Iomlán** | **2,165** | **1,965** | **4,309** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cláir AE | (141) | Tá na fáltais le linn 2016 níos ísle ná mar a raibh súil leis toisc go bhfuil fáltais le bheith faighte i 2017. |

| 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir | — | — |
| Tuarastal na nAirí a ghéilleadh ar bhonn saoráladh | 1 | — |
| Aisrithe chuig an Státchiste | (1) | — |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | — | — |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 352 | 313 |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 21,739 | 20,398 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 220 | 239 |
| Iomarcaíocht | 210 | — |
| Liúntais eile | 39 | 47 |
| Ragobair | 50 | 40 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,277 | 1,077 |
| **Pá iomlán**[a] | **23,535** | **21,801** |

[a] Tá pá iniatach san fhigiúr pá iomlán i dteidil A.1, A.4, A.6, A.7, B.1, B.7. agus B.8.

Ní chuirtear na baill fhoirne sin san áireamh i líon foirne CPA a bhíonn ag obair i gComhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) a bhfuil a gceanncheathrú suite i mBéal Feirste. Is comhlacht Thuaidh/Theas é CCSAE a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta agus cuireann CPA lena gcuid costas párolla ó fho-cheannteidil A.6 agus A.7, atá san áireamh i gcúrsaí pá thuas.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2016 € | Uasíocaíocht aonair 2015 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 35 | 8 | 18,854 | 34,209 |
| Liúntais eile | 12 | 1 | 11,020 | 10,505 |
| Ragobair | 33 | 1 | 11,970 | 10,372 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 2 | 13,080 | 14,421 |

**5.2 Socruithe Luacha Saothair Eile**

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de chuid €121,255 (2015: €144,867) i dtaca le beirt oifigeach a bhí i mbun seirbhíse lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2016 nó don bhliain ar fad agus a d'íoc an Roinn tuarastal ina leith.

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe An Clár um Iomaíochas agus Obair (PCW) 1% an AHCPS, fuair 35 oifigeach (2015: 20) €83,887 (2015: €44,296) san iomlán i dtaca le PCW/liúntais sinsearachta.

Tá figiúr de €209,656 san áireamh leis an bhfigiúr pá toisc gur íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta agus scaoilíocaíochtaí do ceathrar baill foirne fostaithe mar oifigigh Aire. Rinneadh na híocaíochtaí seo toisc athrú Rilatais Bealtaine 2016.

**5.3 Ró-íocaíochtaí Párolla**

Ba ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €15,928 (5 chás) (2015: €27,495, 17 cás). As é sin tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm maidir le €9,344 (4 chás).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú an AE

Cuimsíonn an táirgeacht a thaispeántar i gceannteidil A.4, A.5, agus A.6 na híocaíochtaí seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ag an AE.

| Teideal | Cur Síos | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 1,576 | 796 | 720 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 650 | 621 | 843 |
| A.6 | Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann | 1,000 | 666 | 1,873 |
| | | 3,226 | 2,083 | 3,436 |

### 6.2 Coistí agus Coimisiúin

| | Bliain cheaptha | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Bord Eadrána na Státseirbhíse | 1950/51 | 26 | 22 |

### 6.3 Dliteanais Theagmhasacha

Tá breithiúnas curtha i leith na Roinne. Dámhadh costais i gcoinne na Roinne. Níl cinneadh déanta ar na costais go fóill.

Ghlac an Roinn le dliteanas i gcás dlí eile freisin. Tá na costais le socrú ag Gníomhaireacht Éileamh an Stáit.

| **6.4 Calaois Amhrasta** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Mí-leithghabháil líomhnaithe airgid | — | 181 |

## 7 An Ciste Teagmhais

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 1,200 | 1,200 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | — | — |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 1,200 | 1,200 |

Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhais a bunaíodh i 1923. Tá an ciste ar fáil lena úsáid chun íocaíocht a éascú i ndáil le caiteachas práinneach nó caiteachas gan choinne nach bhfuil cumhdaithe ag an ngnáth-Vótaí, agus a d'fhéadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil cead láithreach a lorg ó Dháil Éireann ina leith, m.sh. le linn sosa.

Leagtar na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an Chiste amach sna Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí (Ailt C.1.5 go C.1.12).

Déantar athbhreithniú ar mhéid an Chiste gach cúig bliana. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh in 2014, cinneadh gur cheart an ciste a choinneáil ag a leibhéal reatha.